
## Cad é mar a fhreagraíonn Tusla do thuairiscí?

Nuair a fhaigheann Tusla tuairisc, déanfar an fhaisnéis a mheasúnú le féachaint cá mhéad tacaíochta ar féidir í a chur ar fáil do theaghlaigh. Go minic, beidh Tusla ag iarraidh labhairt le tuismitheoirí agus le leanaí. D'fhéadfadh an Garda Síochána a bheith rannpháirteach mar tá freagrachtaí cosanta leanaí aige freisin.

Is féidir le tuismitheoirí agus caomhnóirí teagmháil dhíreach a dhéanamh le Tusla le haghaidh tacaíochta. Tá na sonraí teagmhála curtha ar fáil ar chúl na bileoige seo. Tá Tusla tiomanta do bheith ag obair i gcomhar le leanaí, le teaghlaigh, agus le pobail.



**Tá faisnéis bhreise ar fáil anseo:**

tusla.ie/children-first/parents-and-guardians/

tusla.ie/children-first/mandated-persons/

Tá teacht ar leagan Béarla tríd an nasc thuas a úsáid.



# Faisnéis do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí maidir le Daoine Sainordaithe

Tá freagracht ar oibrithe uile chun leanaí a choimeád sábháilte agus b'fhéidir go mbeadh orthu tuairisc a dhéanamh do Tusla má tá imní orthu faoi leanbh.

CFIAS | Children First Information & Advice Service

Children First

TUSLA
An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
Child and Family Agency



## Cé hiad daoine sainordaithe?

Faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, tá freagrachtaí breise de réir dlí ar dhaoine áirithe (agus cuid mhaith acu ina ngairmithe), agus tugtar daoine sainordaithe orthu.

Tá liosta iomlán de dhaoine sainordaithe ar fáil san Acht. Áirítear leis sin múinteoirí, oibrithe cúram leanaí, dochtúirí, altraí, oibrithe sóisialta, oibrithe cúraim shóisialta, comhairleoirí, an Garda Síochána, cúramóirí altrama, síceolaithe agus oibrithe óige. Go minic, oibríonn daoine sainordaithe le leanaí ach oibríonn daoine acu le daoine fásta.

Is féidir leat a fhiafraí an bhfuil daoine sainordaithe ar bith ann san eagraíocht ar a bhfuil do leanbh ag freastal.



## Cad a dhéanann daoine sainordaithe?

Tá dualgas de réir dlí ar dhaoine sainordaithe tuairisc a dhéanamh do Tusla má tá imní orthu go ndearnadh díobháil do leanbh, go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhféadfaí díobháil a dhéanamh dó nó di. Tugtar tuairisc faoi shainordú uirthi sin. Is ionann díobháil agus ionsaí, drochíde, neamart nó mí-úsáid ghnéis. Ní hionann gach tuairisc do Tusla, áfach, agus tuairisc faoi shainordú.

Beidh sé riachtanach do dhuine sainordaithe tuairisc faoi shainordú a dhéanamh freisin má insíonn leanbh dó nó di go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di.

Is dea-chleachtas é do dhuine sainordaithe chun a insint duit go bhfuil tuairisc á déanamh aige/aici do Tusla. Beidh cásanna ann, áfach, nuair nach dtarlóidh sé sin.



Is féidir le hoibrithe uile, agus daoine sainordaithe san áireamh, foirm ar líne a úsáid chun imní a thuairisciú do Tusla.

Féadfaidh daoine sainordaithe tuairisc a dhéanamh do Tusla freisin nuair a thuairiscíonn duine fásta mí-úsáid le linn a (h)óige. Déanfar tuairisc faoi shainordú nuair atá cúiseanna réasúnta ag duine sainordaithe chun a mheas go ndearnadh díobháil do dhuine, atá ina leanbh faoi láthair, nó go bhfuil díobháil á déanamh dó nó di nó go bhfuil priacal ann go ndéanfar díobháil dó nó di.

Má theipeann ar dhuine sainordaithe tuairisc faoi shainordú a dhéanamh, tá achoimre sa Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí ar na hiarmhairtí féideartha

D'fhéadfaí iarraidh ar dhaoine sainordaithe freisin cuidiú le Tusla chun tuairisc faoi shainordú a mheasúnú.

